Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An tSlí a dToghtar an Dáil

# (Teach Íochtarach na Parliaminte)

Ullmhaithe ag An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

gov.ie/tithiocht

1. Réamhrá ... 3
2. Struchtúr na Dála ... 3
3. Ré na Dála ... 3
4. Tráthúlacht na dtoghcháin Dála ... 3
5. An Córas Toghcháin ... 4
6. Cé is féidir a thoghadh? ... 4
7. Cé a fhéadfaidh vótáil ag toghchán Dála? ... 5
8. Iarrthóirí a ainmniú ... 6
9. Postas saor in aisce d'iarrthóirí ... 7
10. Gníomhairí toghcháin a cheapadh ... 7
11. An vótaíocht ... 8
12. Socruithe vótála malartacha ... 9
**12.1** Liosta Vótálaithe Speisialta ... 9
**12.2** Liosta Vótálaithe Speisialta ... 11
13. Vótáil ... 12
14. An comhaireamh ... 14
15. Achainí toghcháin ... 17
16. Corrthoghcháin ... 17
17. Síntiúis pholaitíochta ... 17
18. Caiteachas toghcháin ... 19
19. Aisíoc caiteachais toghcháin ... 19
20. An dlí a bhaineann le toghcháin ... 20
21. Bileoga eolais eile ... 20

**An tSlí a dToghtar an Dáil**

(Teach Íochtarach na Parlaiminte)

## 1. Réamhrá

Is treoir phraiticiúil atá i gceist leis an bhileog seo.  Ní léirmhíniú cinntitheach é ar an dlí toghcháin.  Chun tuilleadh eolais a fháil ba chóir duit dul i gcomhairle leis na forálacha bunreachtúla agus reachtúla ábhartha a bhaineann le toghcháin Dála (féach 20 thíos).

## 2. Struchtúr na Dála

Tá an Dáil (Teach Íochtarach na Parlaiminte) comhdhéanta de 160 teachta a dhéanann ionadaíocht ar 39 dáilcheantar.  Éilíonn an Bunreacht go mbeidh comhaltas iomlán na Dála socraithe ionas go mbeidh an meán daonra náisiúnta do gach teachta idir 20,000 agus 30,000.  Éilíonn an Bunreacht freisin go mbeidh an comhréir idir an daonra agus an teachta cothrom i ngach dáilcheantar, a mhéid is féidir.  Ní mór na dáilcheantair a athmheas uair amháin ar a laghad sa dá bhliain déag.  De ghnáth déantar na dáilcheantair a athmheas tar éis torthaí gach daonáirimh a fhoilsiú: reáchtáiltear daonáireamh gach cúig bliana de ghnáth.  Dréachtaíonn an Coimisiún Toghcháin neamhspleách - An Coimisiún Toghcháin - scéim athbhreithnithe dáilcheantair a dtugann Acht Oireachtais (Parlaimint Náisiúnta) éifeacht reachtach di.

## 3. Ré na Dála

Is seacht mbliana uasré na Dála ach, mar a fhoráiltear faoin mBunreacht, tá téarma níos giorra de 5 bliana socraithe le dlí.  Is féidir leis an Uachtarán an Dáil a lánscor ar chomhairle anTaoisigh (Príomh Aire) ag tráth ar bith.

## 4. Tráthúlacht na dtoghcháin Dála

Ní mór toghchán Dála (olltoghchán) a reáchtáil laisitigh de 30 lá tar éis lánscor na Dála.  Eisíonn Cléireach na Dála eascaire chuig an gceann comhairimh i ngach dáilcheantar á ordú dó nó di toghchán a reáchtáil den líon forordaithe comhaltaí.  Is é an ceann comhaireamh an cláraitheoir contae nó, i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, an sirriam cathrach nó contae.  Cuirtear an Ceann Comhairle (cathaoireach na Dála) ar ais go huathoibríoch gan toghchán mura dtugann sé le fios nach mian leo leanúint ar aghaidh mar chomhalta.

Ceapann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidreachta an lá vótaíochta nach mór a reáchtáil idir an 18ú agus an 25ú lá tar éis aon eascaire a eisiúint (ní bhíonn Aoine an Chéasta, Domhnaí agus Saoirí Poiblí san áireamh).  Ceapann an tAire an tréimhse vótaíochta freisin a mhairfidh ar feadh 12 uair an chloig ar a laghad idir 7 a.m. agus 10.30 p.m.

## 5. An Córas Toghcháin

Is trí ballóid rúnda a chaitear vótaí ag toghchán Dála ag úsáid an chóras PR-STV (Ionaduíocht Chothromúil tríd an an vóta aonair inaistrithe).  Ligeann an córas PR-STV don toghthóir a gcéad rogha agus a gcuid roghanna ina dhiaidh sin a chur in iúl ar an bpáipéar ballóide.

## 6. Cé is féidir a thoghadh?

Tá gach saoránach de chuid na hÉireann atá os cionn 21 bliain d’aois nach bhfuil dícháilithe faoin mBunreacht nó le dlí incháilithe a thoghadh chun na Dála. Tagraítear do chomhalta den Dáil mar Theachta Dála (TD). Tá daoine a bhfuil pianbhreith príosúnachta is faide ná 6 mhí á cur isteach acu agus daoine mímheabhracha dícháilithe ó thoghadh. Tá slite beatha áirithe ar neamhchomhréir le comhaltas den Dáil, mar shampla, breithiúna, oifigigh sinsearacha d’fhorais an Aontais Eorpaigh, státseirbhísigh, comhaltaí lánaimsire de na Fórsaí Cosanta agus Gardaí (póilíní); tá toirmeasc ar dhaoine ó bheith ina gcomhaltaí den Dáil agus slí bheatha den sórt sin a bheith acu ag an am céanna.

## 7. Cé a fhéadfaidh vótáil ag toghchán Dála?

Tá gach saoránach de chuid na hÉireann agus gach saoránach de chuid na Breataine a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát, atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus a bhfuil a ainm nó a hainm ar chlár na dtoghthóirí, i dteideal vótála.

Coinníonn údaráis chlárúcháin Clár na dToghthóirí ar bhonn leanúnach (comhairlí cathrach agus contae ina ról mar údaráis chlárúcháin faoi na hachtanna toghcháin). Is é an ról atá acu sonraí a chur leis, a bhaint nó a nuashonrú de réir mar is gá chun clár iomlán cruinn na dtoghthóirí a chinntiú. Ceanglaítear ar údaráis chlárúcháin freisin an clár atá i bhfeidhm a fhoilsiú roimh imeacht toghcháin.

Daoine atá i dteideal vótáil i dtoghcháin Dála nach bhfuil ar an gclár nó a bhfuil a sonraí maidir lena gclárúchán as dáta, is féidir leo sonraí a chlárú nó a nuashonrú go díreach leis an údarás clárúcháin ina bhfuil gnáthchónaí orthu trí fhoirm a chur isteach nó ar líne ag www.checktheregister.ie.

Iarratas chun sonraí a chlárú nó a nuashonrú ní mór é a bheith sa chlár 15 lá ar a laghad roimh lá na vótaíochta, (seachas an Domhnach, Aoine an Chéasta agus Laethanta Saoire Poiblí) le go mbreithneofar iad don toghchán Dála sin. Baineann dátaí deiridh éagsúla le hiarratais phoist agus le hiarratais speisialta vótála – féach ailt 12.1 agus 12.2 thíos. Ní bhreithneofar iarratas a gheofar ar nó tar éis an 14ú lá roimh an lá vótaíochta go dtí tar éis lá na vótaíochta.

I gcás nach féidir iarratas a chomhlánú ar líne, nó nuair is fearr le duine foirm pháipéir a chur isteach, is féidir na foirmeacha ábhartha a íoslódáil ag www.checktheregister.ie nó iad a iarraidh ar an údarás clárúcháin.

Sa chás go bhfuil cónaí ar dhuine i mBaile Átha Cliath agus go bhfuil MyGovID fíoraithe aige féadfaidh siad dul i dteagmháil lena n-údarás clárúcháin trí www.voter.ie.

Déanfaidh an t-údarás clárúcháin iomchuí gach iarratas ar chlárú nó chun sonraí a nuashonrú a mheas agus a chinneadh a luaithe is indéanta, agus i gcás ina ndiúltófar d'iarratas, cuirfear in iúl don duine na cúiseanna atá leis sin

agus faoina gceart achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an gcláraitheoir contae.

Is féidir le toghthóir achomharc a dhéanamh chuig an gcláraitheoir contae in aghaidh chinntí údaráis clárúcháin. Go hiondúil, ní mór achomharc a dhéanamh laistigh de 4 seachtaine ó dháta chinneadh an údaráis clárúcháin, ach nuair a bhíonn lá vótaíochta socraithe, athraíonn sé sin. A luaithe agus is féidir tar éis dáta imeachta toghcháin a bheith socraithe, ceanglaítear ar an gCláraitheoir Contae fógra poiblí a thabhairt faoi na dátaí deiridh chun achomharc a fháil i leith an imeachta toghcháin áirithe sin, i gcás postvótáil nó vótáil speisialta. , ní bheidh sé seo níos lú ná 2 lá níos déanaí ná an lá deiridh chun iarratas a dhéanamh.

Tá tuilleadh eolais maidir le clár na dtoghthóirí le fáil sa bhileog ar leith "Clár na dToghthóirí" atá ar fáil sa tsraith seo ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.gov.ie/housing).

## 8. Iarrthóirí a ainmniú

Is féidir le hiarrthóirí iad féin a ainmniú nó ainmniúchán a fháil ó thoghthóir Dála don dáilcheantar. Is é an dáta is deireanaí chun duine a ainmniú ná 12 meánlae an seachtú lá tar éis na heascairí a eisiúint. Is féidir le hiarrthóirí grianghraf dóibh féin a bheith ar an bpáipéar ballóide ach grianghraf a chur ar fáil lena n-ainmniúchán sa bhformáid a shonraítear. Féadfaidh iarrthóir cleamhnacht agus suaitheantas páirtí a chur san áireamh freisin. Mura bhfuil cleamhnacht pháirtí ag an iarrthóir is féidir leis nó léi é nó í féin a chur síos mar iarrthóir "neamh-pháirtí" no an spás cuí a fhágáil folamh.

Ní mór d'iarrthóirí ag toghchán Dála nach bhfuil deimhniú cleamhnachta polaitíochta ina seilbh acu, ceann amháin de na nósanna imeachta seo a leanas a chomhlíonadh roimh dheireadh an ama chun ainmniúcháin a ghlacadh:

(i) Comhlánú dearbhuithe reachtúla ag ag 30 aontaitheoir atá cláraithe mar thoghthóirí Dála sa dáilcheantar iomchuí. Ní mór na haontuithe sin a bheith fianaithe ag Nótaire Poiblí, ag Coimisinéir Mionnaí, ag Feidhmeannach Síochána, ag Nótaire Poiblí, ag comhalta den Gharda

Síochána nó ag oifigeach de chuid an údaráis clárúcháin (comhairle cathrach, contae nó cathrach agus contae).

(ii) Mar mhalairt air sin, féadfaidh an t-iarrthóir, nó duine éigin thar a cheann nó thar a ceann, éarlais de €500 a thaisceadh leis an gceann comhairimh.

Ní mór don cheann comhairimh rialú ar bhailíocht pháipéar ainmniúcháin laistigh d'aon uair an chloig dá chur i láthair. Bíonn orthu cur i gcoinne ainm an iarrthóra murab é sin an t-ainm a thugtar de ghnáth ar an iarrthóir, má bhíonn an t-ainm míthreorach agus gur dóigh go gcuirfeadh sé daoine amú, má bhíonn an t-ainm ró-fhada nó má bhíonn tagairt pholaitiúil ann. Bíonn ar an gceann comhairimh freisin cur i gcoinne na tuairisce ar iarrthóir nuair is é a thuairim nó a tuairim go bhfuil sí mícheart, nach leor í chun an t-iarrthóir a aithint nó go bhfuil sí ró-fhada. Féadfaidh an t-iarrthóir nó an ceann comhairimh na sonraí atá ar an bpáipéar ainmniúcháin a leasú. Ní fhéadfaidh ceann comhairimh páipéar ainmniúcháin a rialú neamhbhailí ach amháin mura mbíonn sé déanta amach nó sínithe go cuí.

## 9. Postas saor in aisce d'iarrthóirí

Tá gach iarrthóir do thoghchán Dála i dteideal litir thoghcháin amháin a sheoladh chuig gach teaghlach sa dáilcheantar saor ó tháillí postais. Nuair a bhíonn beirt iarrthóirí nó níos mó ón bpáirtí polaitíochta céanna ag rith sa toghchán i ndáilcheantar bíonn siad teoranta do litir thoghcháin amháin faoin socrú sin. Is é an Státchiste a íocann costas na saoráide sin.

## 10. Gníomhairí toghcháin a cheapadh

Ní mór do gach páirtí polaitíochta a fhíordheimhníonn iarrthóireacht iarrthóra gníomhaire náisiúnta a cheapadh chun cuntas a thabhairt ar chaiteachas náisiúnta ag toghchán. Bíonn ar gach iarrthóir gníomhaire toghcháin a ceapadh chun críocha cuntas a thabhairt ar chaiteachas a thabhaíonn an t-iarrthóir ag an toghchán, nó a thabhaítear thar a cheann nó a ceann; féadfaidh an gníomhaire

cabhair ghinearálta a thabhairt don iarrthóir freisin i ndáil leis an toghchán. Ní mór ceapadh an ghníomhaire toghcháin ag an iarrthóir, a bhféadfadh sé gurb é nó í an t-iarrthóir féin a cheapfaí, a dhéanamh ag tráth nach déanaí ná an lá deiridh chun ainmniúcháin a fháil agus a chun fógra a thabhairt don cheann comhairimh.

Féadfaidh iarrthóir nó a ghníomhaire nó a gníomhaire leas-ghníomhaire (nó fo-ghníomhaire) amháin a cheapadh freisin do gach ceantar vótaíochta sa dáilcheantar chun cuidiú leis an iarrthóir sa cheantar vótaíochta agus chun gníomhú mar ionadaí do ghníomhaire toghcháin an iarrthóra sa cheantar. Ní mór don té a dhéanann an ceapachán ceapachán leas-ghníomhaire (nó fo-ghníomhaire) a chur in iúl i scríbhinn don cheann comhairimh.

## 11. An vótaíocht

Is iad na comhairlí cathrach, na comhairlí contae agus cathrach agus na comhairlí contae a cheapann na hionaid vótaíochta. Cuireann an ceann comhairimh ionaid vótaíochta ar fáil i ngach ionad vótaíochta. Dé ghnáth is scoileanna nó foirgnimh phoiblí a úsáidtear. Tá an ceann comhairimh freagrach as eagrú na vótaíochta, as páipéir bhallóide a phriontáil agus as comhaireamh na vótaí i ngach dáilcheantar. Caithfidh an ceann comhairimh cárta faisnéise vótaíochta a sheoladh chuig gach toghthóir á gcur ar an eolas maidir lena n-uimhir ar chlár na dtoghthóirí agus maidir leis na stáisiúin vótaíochta ar féidir leo vótáil iontu. Is cion atá ann cur isteach ar chárta vótaíochta nó úsáid a bhaint as cárta vótaíochta i stáisiún vótaíochta nuair nach bhfuil sé dírithe ar an té atá á chur i láthair. Déanann an ceann comhairimh na socruithe riachtanacha vótála freisin do na postvótálaithe agus do na vótálaithe speisialta.

Is é nó í an t-oifigeach ceannais le cúnamh ó chléireach vótaíochta a thógann an vótaíocht ag gach stáisiún vótaíochta. Féadfaidh gníomhaire pearsanaíochta, a chuidíonn le cosc a chur ar chionta toghcháin, ionadaíocht a dhéanamh do gach iarrthóir ag gach stáisiún vótaíochta.

# 12. Socruithe vótála malartacha

Go ginearálta, vótálann toghthóirí go pearsanta ag a stáisiún vótaíochta áitiúil, ach i gcásanna áirithe tá na socruithe vótála eile seo a leanas ar fáil.

## 12.1 Liosta Vótálaithe Speisialta

Ullmhaíonn agus coimeádann údaráis chlárúcháin liosta postvótálaithe mar chuid de chlár na dtoghthóirí.  Teastaíonn faisnéis bhreise, doiciméadú nó deimhniúchán le hiarratais ar vótáil phoist – athraíonn na ceanglais ag brath ar chúis an iarratais agus leagtar amach iad ar an bhfoirm iarratais ábhartha.

**Ní mór** na catagóirí té seo a leanas **a chlárú** mar phostvótálaithe:

- baill lánaimseartha d'Óglaigh na hÉireann - is féidir comhaltaí a bhfuil cónaí orthu i mbeairic mhíleata a chlárú ag an mbeairic nó ag a seoladh baile; agus
- Taidhleoirí Éireannacha arna bpostáil thar lear agus a gcéilí/páirtnéirí sibhialta - tá siad cláraithe ag a seoladh baile in Éirinn.

**Féadfaidh** na catagóirí té seo a leanas **iarratas a dhéanamh** ar chlárú mar phostvótálaithe:

- comhaltaí den Gharda Síochána (fórsa póilíneachta);
- té atá ina gcónaí sa bhaile nach bhfuil in ann dul go dtí an stáisiún vótaíochta chun vótáil mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas;
- daoine ar dócha go gcuirfeadh a ngairmeacha bac orthu vótáil ag a stáisiún vótaíochta áitiúil ar lá an toghcháin, lena n-áirítear mic léinn lánaimseartha atá cláraithe sa bhaile agus atá ina gcónaí in áit eile le linn dóibh a bheith ag freastal ar fhoras oideachais sa Stát (*faoin socrú seo, cuirtear páipéar ballóide sa phost chuig an toghthóir sa bhaile agus ní mór dó nó di socrú a dhéanamh chun a dhearbhú céannachta a bheith fianaithe ag Garda sula ndéanfar an páipéar ballóide a mharcáil agus é a chur ar ais leis an bpost chuig an gceann comhairimh.*);

- toghthóirí nach bhfuil ar a gcumas vótáil ag a stáisiún vótaíochta mar gheall ar imthosca a gcoinneála sa phríosún de bhun ordú na cúirte;
- baill fhoirne toghcháin áirithe atá fostaithe ag stáisiún vótaíochta lasmuigh den dáilcheantar ina bhfuil cónaí orthu; agus
- daoine a mheasann go mbeadh a sábháilteacht, nó sábháilteacht duine dá dteaghlach i mbaol dá bhfoilseofaí a n-ainm agus a seoladh, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chun bheith ina dtoghthóir gan ainm – ní fhéadfaidh na toghthóirí sin vótáil ach tríd an bpost.

Is féidir iarratas ar chuimsiú ar liosta na bpostvótálaithe a dhéanamh tráth ar bith a luaithe a bheidh an toghthóir incháilithe le hiontráil ar liosta na bpostvótálaithe, áfach, is é an dáta is déanaí chun iarratais ar vóta poist a fháil maidir le hócáid toghcháin ar leith ná –

- dhá lá tar éis dáta lánscoir na Dála i gcás olltoghcháin;
- dhá lá tar éis an t-ordú lá vótaíochta a dhéanamh i gcás corrthoghchán Dála;
- i gcás toghcháin Uachtaránachta, Eorpaigh nó áitiúil nó Reifrinn ní mór iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin dhá lá is fiche ar a laghad roimh lá na vótaíochta (seachas an Domhnach, Aoine an Chéasta agus Laethanta Saoire Poiblí san áireamh).

I gcás ina bhfaightear iarratas tar éis an ama sin ní bheidh aon éifeacht aige don imeacht toghcháin sin.

A luaithe is féidir tar éis dáta imeachta toghcháin a bheith socraithe, socróidh an Cláraitheoir Contae na dátaí deiridh chun achomharc a fháil i leith an imeachta toghcháin áirithe sin, i gcás vótaí poist, ní bheidh sé sin níos lú ná 2 laethanta níos déanaí ná an lá deiridh chun iarratas a dhéanamh.

Ní fhéadfaidh toghthóir atá cláraithe mar phostvótálaí vótáil tríd an bpost amháin agus ní fhéadfaidh sé vótáil ag stáisiún vótaíochta.

## 12.2 Liosta Vótálaithe Speisialta

Ullmhaíonn údaráis chlárúcháin liosta freisin de vótálaithe speisialta comhdhéanta de thoghthóirí a bhfuil tinneas nó míchumas orthu a chuireann cosc orthu dul go stáisiún vótaíochta chun vótáil agus atá ina gcónaí in ospidéil, i dtithe altranais, i saoráidí meabhairshláinte nó in institiúidí dá samhail ar mian leo vótáil sna láithreacha sin. I gcás an chéad iarratais ní mór teastas ó lia-chleachtóir cláraithe (cosúil le liachleachtóir ginearálta) a chur leis.

Féadfar iarratas a dhéanamh tráth ar bith a luaithe a bheidh an toghthóir incháilithe le cur ar an liosta vótálaithe speisialta, áfach, is é an dáta is déanaí chun iarratais ar vóta speisialta a fháil i leith ócáid toghcháin ar leith ná –

- dhá lá tar éis dáta lánscoir na Dála i gcás olltoghcháin;
- dhá lá tar éis an t-ordú lá vótaíochta a dhéanamh i gcás corrthoghchán Dála;
- i gcás toghcháin Uachtaránachta, Eorpaigh nó áitiúil nó Reifrinn ní mór iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin dhá lá is fiche ar a laghad roimh lá na vótaíochta (seachas an Domhnach, Aoine an Chéasta agus Laethanta Saoire Poiblí san áireamh).

I gcás ina bhfaightear iarratas tar éis an ama sin ní bheidh aon éifeacht aige don imeacht toghcháin sin.

A luaithe is féidir tar éis dáta imeachta toghcháin a bheith socraithe, socróidh an Cláraitheoir Contae na dátaí deiridh chun achomharc a fháil i leith an imeachta toghcháin áirithe sin, i gcás vótaí speisialta, ní bheidh sé sin níos lú ná 2 laethanta níos déanaí ná an lá deiridh chun iarratas a dhéanamh.

Vótálann toghthóirí ar an liosta vótálaithe speisialta san ospidéal, sa teach altranais, sa tsaoráid meabhair-shláinte nó in institiúid dá samhail, ina bhfuil cónaí orthu trí pháipéar ballóide a sheachadann oifigeach ceannais speisialta in éineacht le Garda a mharcáil orthu.

I gcás eisceachtúil nach bhfuil an t -oifigeach ceannais speisialta, an teach altranais nó institiúid den chineál céanna den vótálaí speisialta inrochtana, is

féidir leis an oifigeach filleadh nósanna imeachta speisialta vótála a chur i bhfeidhm, mar shampla vóta poist a eisiúint do na vótálaithe speisialta a bhfuil tionchar acu orthu.

Féadfar toghthóirí faoi mhíchumas fisiceach a bhfuil deacracht acu rochtain a fháil ar a stáisiún vótaíochta áitiúil a údarú chun vótáil ag stáisiún vótaíochta níos inrochtana sa toghcheantar.

## 13. Vótáil

Déanann an toghthóir iarratas ar pháipéar ballóide sa stáisiún vótaíochta, lá na vótaíochta, trína ainm agus a sheoladh nó trína hainm agus a seoladh a lua. B'fhéidir go mbeadh ar an toghthóir cruthúnas céannachta a chur ar fáil agus, má mhainníonn sé nó sí sin a dhéanamh ní bheidh cead aige nó aici vóta a chaitheamh.

Glactar leis na cáipéisí seo a leanas chun críocha céannachta:

- pas;
- ceadúnas tiomána;
- cárta céannachta fostaí le grianghraf;
- cárta céannachta mic léinn le grianghraf, arna eisiúint ag foras oideachais;
- cáipéis taistil le grianghraf agus ainm;
- leabhar Coigiltis, leabhar Bainc nó leabhar Chomhar Creidmheasa ina bhfuil an seoladh sa dáilcheantar luaite nó sa toghlimistéar áitiúil;
- Cárta Seirbhísí Poiblí;

NÓ

Na nithe seo a leanas chomh maith le cáipéis bhreise a léiríonn seoladh an tsealbhóra sa dáilcheantar nó sa toghlimistéar áitiúil-

- seicleabhar;
- seic-chárta;
- cárta creidmheasa;
- teastas breithe;
- teastas pósta.

I gcás gur deimhin leis an oifigeach ceannais céannacht an toghthóra, stampáiltear an páipéar ballóide le marc oifigiúil agus tugtar don toghthóir é.

Caitheann an toghthóir vóta go rúnda i mboth vótála. Bíonn ainmneacha na n-iarrthóirí le feiceáil in ord aibítre ar an bpáipéar ballóide, chomh maith le grianghraf díobh, cleamhnacht pholaitíochta agus suaitheantas páirtí más ann dóibh. Léiríonn an vótálaí ord a rogha trí 1 a scríobh trasna ó ainm an chéad rogha, 2 trasna ó ainm an dara rogha, 3 trasna ó ainm an tríú rogha agus mar sin de. Ar an tslí sin tugann an vótálaí treoir don cheann comhairimh an vóta a aistriú chuig iarrthóir an dara rogha má bhíonn an chéad rogha tofa, nó curtha as an iomaíocht. Má tharlaíonn an rud céanna leis an iarrthóir a bhíonn mar an dara rogha, is féidir an vóta a aistriú chuig an tríú rogha agus mar sin de. Filleann an vótálaí an páipéar ballóide ionas nach bhfeicfear an vóta a caitheadh agus cuireann sé nó sí i mbosca ballóide séalaithe é. Ní féidir le duine vótáil ach aon uair amháin sa toghchán.

Is féidir le daoine le lagú amhairc, daoine atá faoi mhíchumas fisiciúil nó daoine le deacrachtaí lithearthachta cúnamh a fháil ón oifigeach ceannais nó ó chara. Féadfaidh daoine le lagú amhairc Teimpléad Páipéar Ballóide (atá ar fáil i ngach stáisiún vótála) a úsáid chun a vóta a chaitheamh. Gléasanna iad seo ar féidir iad a cheangal le páipéar ballóide chun a chur ar chumas vótálaithe lagamhairc vótáil faoi rún.

Oibríonn an Teimpléad Páipear Ballóide i gcomhar le huimhir Shaorghlao - 1800 a chuireann in iúl don éisteoir na hiarrthóirí a chomhfhreagraíonn leis na

huimhreacha ar an Teimpléad Páipear Ballóide. Beidh an uimhir Shaorghlao ar fáil do vótálaithe a bhfuil sé ar intinn acu an teimpléad a úsáid, chomh luath agus is féidir i ndiaidh thréimhse fála na n-ainmniúchán le haghaidh na dtoghchán suas go lá navótaíochta , agus lá na vótaíochta san áireamh.

Is féidir leis an oifigeach ceannais a ordú duine atá faoi amhras maidir le cion toghcháin a dhéanamh, a ghabháil.

## 14. An comhaireamh

**Socruithe comhairimh:**

Tugtar na boscaí ballóide ar fad chuig lárionad comhairimh do gach dáilcheantar. Tá cead ag gníomhairí na n-iarrthóirí freastal ar an ionad comhairimh chun an próiseas comhairimh a mhaoirsiú. Sula dtosaíonn comhaireamh na vótaí, osclaítear na clúdaigh litreach a bhfuil na páipéir bhallóide na bpostvótálaithe agus na vótálaithe speisialta i láthair ghníomhairí na n-iarrthóirí agus cuirtear na páipéir bhallóide sin in éineacht le páipéir bhallóide eile an dáilcheantair.

Cuirtear tús leis an gcomhaireamh ag 9 a.m. an lá i ndiaidh an lá vótaíochta. Osclaítear gach bosca ballóide agus seiceáiltear líon na bpáipéar ballóide i gcomparáid le tuairisceán a chuireann gach oifigeach ceannais ar fáil. Ansin measctar le chéile go maith iad agus sórtáiltear iad de réir na vótaí chéad rogha a thaifeadtar do gach iarrthóir agus ní ghlactar le páipéir neamhbhailí.

**Cuóta**:

Is éard atá sa chuóta ná an méid is lú vótaí atá riachtanach lena chinntiú go dtoghfar iarrthóir. Déantar amach an cuóta trí líon iomlán na bpáipéar ballóide bailí a roinnt ar líon na suíochán a bhíonn le líonadh móide suíochán amháin eile agus a haon chur leis an toradh. Dá bhrí sin, dá mba rud é go mbeadh 40,000 páipéar bailí ann agus ceithre suíochán le líonadh, is 8,001 a bheadh mar chuóta, i.e. 8,000+1. Feictear leis an sampla sin nach

bhféadfadh ach ceathrar iarrthóir (an líon le toghadh) an cuóta a bhaint amach.

**Farasbarr a aistriú:**

Ag deireadh an chéad chomhairimh meastar aon iarrthóir má mbíonn líon na vótaí a fhaigheann siad comhionann leis an gcuóta, nó níos airde na an cuóta, a bheith tofa.  Má fhaigheann iarrthóir níos mó vótaí ná an cuóta, aistrítear an farasbarr vótaí go comhréireach chuig na hiarrthóirí a bhíonn fágtha ar an tslí seo a leanas.  Más vótaí céad rogha ar fad iad vótaí an iarrthóra, cuirtear a chuid nó a cuid páipéir bhallóide i mbeartáin faoi leith de réir an chéad rogha eile a bhíonn iontu.  Déantar beartán eile de na páipéir neamh-inaistrithe (páipéir nach mbíonn rogha eile éifeachtach léirithe orthu).  Más ionann an farasbarr agus líon na vótaí inaistrithe, nó má bhíonn sé níos mó, faigheann gach iarrthóir a bhíonn fágtha na vótaí ar fad ón mbeartán cuí de pháipéir inaistrithe.  Má bhíonn an farasbarr níos lú ná líon na bpáipéar inaistrithe, faigheann gach iarrthóir a bhíonn fágtha líon vótaí ón mbeartán cuí de pháipéir inaistrithe a ríomhtar mar seo a leanas:

$$\frac{\text{Farasbarr x líon na bpáipéar sa bheartán}}{\text{Líon iomlán na bpáipéar inaistrithe}}$$

Má thagann an farasbarr as páipéir aistrithe, ní scrúdaítear ach na páipéir sa bheartán is déanaí a aistríodh chuig an iarrthóir sin agus déileáiltear leis an mbeartán sin ar an dóigh chéanna le farasbarr comhdhéanta de vótaí céad rogha.  Má fhaigheann 2 iarrthóir nó níos mó, líon níos mó vótaí ná an cuóta, dáiltear an farasbarr is mó ar dtús.

**Iarrthóir a chur as an Iomaíocht:**

Mura mbíonn farasbarr ag iarrthóir ar bith nó murar leor an farasbarr chun duine de na hiarrthóirí a bhíonn fágtha a thoghadh nó fiú chun tionchar

ábhartha a bheith aige ar dul chun cinn an chomhairimh, cuirtear an t-iarrthóir a mbíonn an líon is lú vótaí aige nó aici as an iomaíocht agus aistrítear a pháipéir nó a páipéir chuig na hiarrthóirí a bhíonn fágtha de réir an chéad rogha eile a léirítear iontu. Má léirítear gur iarrthóir atá tofa nó curtha as an iomaíocht cheana féin an dara rogha ar pháipéar ballóide, téann an vóta ar aghaidh chuig an tríú rogha agus mar sin de.

**An Comhaireamh a thabhairt chun críche:**

Leantar leis an gComhaireamh go dtí go líontar na suíocháin ar fad. Más ionann líon na suíochán a bhíonn fós le líonadh agus líon na n-iarrthóirí a bhíonn fós san iomaíocht fógraítear go bhfuil na hiarrthóirí sin a bhíonn fágtha tofa gan an cuóta a bheith bainte amach acu.

**Athchomhaireamh:**

Féadfaidh ceann comhairimh na páipéir ar fad nó cuid díobh a athchomhaireamh ag tráth ar bith de chomhaireamh. Tá iarrthóir nó gníomhaire toghcháin iarrthóra i dteideal athchomhaireamh a iarraidh ar na páipéir ar déileáladh leo i gcomhaireamh ar leith, nó athchomhaireamh iomlán amháin a iarraidh ar na beartáin de pháipéir bhallóide ar fad. Nuair a bhítear ag athchomhaireamh, ní fhéadfar cur as d’ord na bpáipéar. I gcás go dtagann earráid shuntasach chun solais, caithfear na páipéir a chomhaireamh ón bpointe ar tharla an earráid sin ann.

**Torthaí**

Nuair a bhíonn an comhaireamh críochnaithe, fógraíonn an ceann comhairimh torthaí an toghcháin agus formhuiníonn sé nó sí ainmneacha na dteachtaí tofa ar an eascaire a d’eisigh Cléireach na Dála dó nó di agus seolann sé nó sí an t-eascaire ar ais chuig Cléireach na Dála.

## 15. Achainí toghcháin

Is féidir le duine ar bith atá cláraithe nó atá i dteideal a bheith cláraithe ina thoghthóir nó ina toghthóir Dála i ndáilcheantar torthaí an toghcháin a cheistiú trí achainí san Ard-Chúirt. Ní mór an achainí a thíolacadh de réir alt 132 den Acht Toghcháin, 1992. Bíonn ar an Ard-Chúirt, ag triail achainí toghcháin, toradh ceart an toghcháin a chinneadh agus chun na críche sin, d'fhéadfadh sí a ordú na vótaí a athchomhaireamh. D'fhéadfadh an Chúirt an toghchán nó cuid den toghchán sa dáilcheantar a fhógairt neamhbhailí, agus, sa chás sin, reáchtálfar toghchán nua chun an suíochán folamh nó na suíocháin folamha a líonadh. Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh na hArd-Cúirte faoi réir achomhairc chuig an gCúirt Uachtarach ar cheist dlí agus sin amháin.

## 16. Corrthoghcháin

Líontar corrfholúntais i gcomhaltas na Dála trí chorrthoghcháin a reáchtáil. Eisíonn Cléireach na Dála, ar ordú na Dála, eascaire chuig ceann comhairimh an dáilcheantair lena mbaineann ag treorú corrthoghchán a reáchtáil chun an folúntas a líonadh. Is ionann an nós imeachta ag corrthoghchán agus nós imeachta ag olltoghchán.

## 17. Síntiúis pholaitíochta

Déantar glacadh le síntiúis pholaitíochta a rialú le dlí. Ní fhéadfaidh ionadaithe poiblí tofa ná iarrthóirí lena dtoghadh glacadh le síntiús ó dhuine ina aon bhliain áirithe más mó ná €1,000 an síntiús sin. I gcás páirtí polaitíochta nó grúpa feachtais "tríú páirtí", is é atá i suim uasta an tsíntiúis a bhféadfar glacadh leis ná €2,500. Toirmisctear glacadh le síntiús ó dhuine nach saoránach Éireannach é nó í agus a bhfuil cónaí air nó uirthi thar lear.

Ní mór 'síntiúsóir corparáideach' ar mian leis síntiús níos mó ná €200 a thabhairt d'iarrthóir, d'ionadaí tofa, do pháirtí polaitíochta nó do ghrúpa feachtais tríú páirtí a bheith cláraithe leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Maidir le síntiús atá níos mó ná an méid sin agus a fhaightear ó

shíntiúsóir corparáideach, ní mór ráiteas a bheith in éineacht leis á rá gur cheadaigh comhaltaí, scairshealbhóirí nó iontaobhaithe an chomhlachta is síntiúsóir an síntiús. Is é atá sa tsuim uasta a bhféadfar glacadh léi ó 'síntiúsóir corparáideach' nach bhfuil cláraithe ná €200. Is é atá sa mhíniú ar shíntiúsóir corparáideach ná (i) comhlacht corpraithe; (ii) comhlacht neamhchorpraithe daoine, nó (iii) iontaobhas.

Is é atá sa tsuim uasta a bhféadfar glacadh léi mar shíntiús airgid thirim sa bhliain chéanna ná €200.

Tá sé de cheangal ar iarrthóir nach n-éiríonn leis nó léi i dtoghchán Dála ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí laistigh de 56 lá ón lá vótaíochta sa toghchán á léiriú an bhfuair siad aon síntiúis os cionn €600 le haghaidh an toghcháin agus sonraí á dtabhairt ann i dtaobh aon síntiús den sórt sin agus i dtaobh na ndaoine a thug iad. Ní mór faisnéis faoi na nithe seo a leanas a bheith ann sa ráiteas freisin: an dáta a bhfuarthas an síntiús; faisnéis i dtaobh ar iarradh an síntiús ar an síntiúsóir agus, má iarradh, ainm an duine a d'iarr an síntiús agus faisnéis i dtaobh ar eisíodh admháil i leith an tsíntiúis chuig an síntiúsóir agus, má eisíodh, an dáta ar eisíodh an admháil agus ainm an duine a d'eisigh an admháil.

Mar an gcéanna, tá sé de cheangal ar gach comhalta den Dáil ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, faoin 31 Eanáir gach bliain, á léiriú an bhfuarthas aon síntiúis os cionn €600 agus ní mór dóibh an fhaisnéis chéanna i leith na síntiús sin a chur ar fáil agus a chuireann iarrthóir ar fáil.

De bhreis air sin, tá sé de cheangal ar gach páirtí polaitíochta ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, faoin 31 Márta gach bliain, á léiriú an bhfuair sé aon síntiúis os cionn €1,500 agus sonraí á dtabhairt ann i dtaobh aon síntiús den sórt sin agus i dtaobh na ndaoine a thug iad. Mar an gcéanna le cás iarrthóirí agus comhaltaí de Dháil Éireann, ní mór faisnéis mhionsonraithe eile faoi na síntiúis sin a bheith ann sa ráiteas.

Ní mór do gach ionadaí poiblí, do gach iarrthóir nach n-éiríonn leis nó léi i dtoghchán agus do gach tríú páirtí a fhaigheann síntiús os cionn €100 in aon bhliain áirithe chun críoch polaitíochta cuntas síntiús a oscailt agus is ceart na

síntiúis go léir sa bhliain tar éis oscailt an chuntais a thaifeadadh ann. Maidir le ráitis bhliantúla agus ráitis iarthoghcháin, ní mór ráiteas ón bhforas airgeadais lena mbaineann a bheith in éineacht leo á shonrú cad iad na hidirbhearta a rinneadh i ndáil leis an gcuntas, mar aon le deimhniú á rá go ndearnadh na síntiúis go léir a thaisceadh sa chuntas agus gur úsáideadh iad chun críoch polaitíochta.

## 18. Caiteachas toghcháin

Tá an méid caiteachais a fhéadfaidh iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta a thabhú i dtoghcháin Dála freisin faoi rialú dlí. Is iad na teorainneacha ná €30,150.00 do dháilcheantar 3 shuíochán; €37,650.00 do dháilcheantar 4 shuíochán; agus €45,200.00 do dháilcheantar 5 shuíochán.

Oibríonn rialú caiteachais trí chóras gníomhairí (féach 10 thuas). Bíonn ar ghníomhaire náisiúnta gach páirtí polaitíochta agus ar ghníomhaire toghcháin gach iarrthóra ráiteas, i scríbhinn, de na speansais ar fad a tabhaíodh i ndáil leis an toghchán a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí laistigh de 56 lá den lá vótaíochta sa toghchán. Cuirtear cóip de gach ráiteas a cuireadh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

## 19. Aisíoc caiteachais toghcháin

Aisíoctar ón Státchiste, caiteachais toghcháin suas go dtí uasmhéid de €8,700.00 –

- le hiarrthóir a thoghtar in olltoghchán nó i gcorrthoghchán,
- le hiarrthóir nach n-éiríonn leis nó léi a bheith tofa in olltoghchán ach gur mó an líon uasta vótaí a bheidh creidiúnaithe dó nó di ná aon cheathrú den chuóta riachtanach do thoghadh.
- le hiarrthóir nach n-éiríonn leis nó léi a bheith tofa i gcorrthoghchán ach gur mó an líon uasta vótaí a bheidh creidiúnaithe dó nó di ná aon cheathrú den

chuóta a bheadh ann dá mba rud é gur olltoghchán a bhí sa chorrthoghchán.

## 20. An dlí a bhaineann le toghcháin

Tá an dlí a bhaineann le teachtaí Dála a thoghadh in:

- Airteagal 16 de Bhunreacht na hÉireann
- An tAcht Toghcháin, 1992, arna leasú
- An tAcht Toghcháin, 1997, arna leasú
- An tAcht Toghcháin (Leasú) (Togcheantair) 2017
- An tAcht um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt 2013
- An tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022
-

Is féidir na foilseacháin sin a fháil ón Foilseacháin Rialtais, Oifig na nOibreacha Poiblí, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, An Mhí nó féachtar orthu ar www.irishstatutebook.ie

## 21. Bileoga eolais eile

Seo a leanas bileoga eile sa tsraith seo atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.gov.ie/tithiocht:

- An Reifreann in Éirinn
- An tSlí a dToghtar an tUachtarán
- An tSlí a dToghtar an Seanad
- Parlaimint na hEorpa: An tSlí a dToghtar Ionadaithe na hÉireann
- A tSlí a dToghtar Comhaltaí na nÚdarás Áitiúil

- Clár na dToghthóirí
- Eolas do Vótálaithe faoi Mhíchumas

**AN ROINN TITHÍOCHTA, RIALTAIS ÁITIÚIL AGUS OIDHREACHTA**

**Bealtaine 2023**

gov.ie/tithiocht

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland